Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9934/22**

**AVIATION 109**
**DELACT 85**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3234 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 2.6.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3234 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 3234 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2022
C(2022) 3234 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.6.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá sé aitheanta ag an nGníomhaireacht agus laistigh de Rialachán (AE) 2018/1139 gur gá níos mó comhréireachta a bheith ann i Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún le haghaidh na rialacha a bhaineann le dearadh agus táirgeadh aerárthaí atá beartaithe go príomha lena n-úsáid don spórt agus don áineas. Le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1139, cuirtear roinnt uirlisí ar fáil don Choimisiún Eorpach chun comhréireacht níos fearr a bhaint amach agus rialacha den sórt sin á nglacadh, agus iarrtar, go háirithe, in aithrisí (6) agus (25) go bhféadfadh eagraíochtaí atá bainteach le dearadh agus táirgeadh táirgí aerloingseoireachta a mbaineann riosca níos ísle leo a dhearbhú go gcomhlíonann dearadh na dtáirgí sin caighdeáin ábhartha an tionscail. Foráiltear le hAirteagal 140(3) de Rialachán (AE) 2018/1139 go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht moltaí maidir le leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún agus na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme chun iad a oiriúnú, a mhéid a bhaineann le haerárthaí atá beartaithe go príomha lena n-úsáid don spórt agus don áineas, don Rialachán sin.

Leis na rialacha a leagtar síos sa togra seo, beifear in ann an chomhréireacht sin a bhaint amach trí na nithe seo a leanas:

(a) simpliú na gceanglas agus na bpróiseas nach mór d’iarratasóir a leanúint chun deimhniúchán cineáil a bhaint amach (nó deimhnithe cineáil forlíontach) le haghaidh táirge atá beartaithe go príomha don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire;

(b) oiriúnú na gceanglas agus na bpróiseas chun foráil a dhéanamh, i gcás catagóirí áirithe táirgí, maidir leis an bhféidearthacht a dhearbhú don Ghníomhaireacht go gcomhlíonann an dearadh tacar sonraíochtaí teicniúla réamhchinntithe seachas deimhniúchán EASA a fháil maidir le táirge den sórt sin;

(c) an fhéidearthacht d’eagraíochtaí atá bainteach le dearadh agus táirgeadh táirgí atá beartaithe go príomha don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire, dearbhú a úsáid, seachas formheas a fháil, chun a gcumas deartha nó táirgthe a fhianú agus na ceanglais eagraíochtúla ábhartha a chomhlíonadh.

Moltar Iarscríbhinn tiomnaithe (Iarscríbhinn Ib) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún lena bhforáiltear do bhearta iomchuí chun an chuid seo den earnáil eitlíochta a rialáil agus rialacha comhréireacha, cost-éifeachtúla agus solúbtha a sholáthar. Leis na rialacha sonracha sin, seachnaítear ualach riaracháin agus airgeadais nach bhfuil gá leis a chruthú do mhonaróirí agus d’oibreoirí na dtáirgí lena mbaineann riosca níos ísle agus na leibhéil sábháilteachta is gá á n-áirithiú ag an am céanna.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 128(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Cuireadh an gníomh tarmligthe i láthair ghrúpa na saineolaithe aershábháilteachta, ar a n-áirítear ionadaithe ó na Ballstáit, ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Feabhra 2022. Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 05/2021 ó EASA, a ndearnadh a hinneachar a scrúdú trí cheardlanna comhairliúcháin spriocdhírithe agus comhairliúchán leis na Comhlachtaí Comhairleacha ábhartha.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 128(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Cuireadh an gníomh tarmligthe i láthair ghrúpa na saineolaithe aershábháilteachta, ar a n-áirítear ionadaithe ó na Ballstáit, ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Feabhra 2022. Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 05/2021 ó EASA, a ndearnadh a hinneachar a scrúdú trí cheardlanna comhairliúcháin spriocdhírithe agus comhairliúchán leis na Comhlachtaí Comhairleacha ábhartha.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.6.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagail 19(1) agus 62(13) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún[2] na ceanglais maidir le haeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil do tháirgí, páirteanna agus fearais aerárthaí sibhialta, amhail innill, liáin agus páirteanna atá le suiteáil iontu.

(2) De bhun Airteagal 140(3) de Rialachán (AE) 2018/1139, beidh an eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire faoi réir rialacha simplí agus comhréireacha ionas nach gcuirfear ualaí riaracháin agus airgeadais nach bhfuil gá leo ar na heagraíochtaí atá rannpháirteach i ndearadh agus i dtáirgeadh na n-aerárthaí sin. Beidh na rialacha sin comhréireach, costéifeachtach agus solúbtha, agus áiritheoidh siad an leibhéal sábháilteachta is gá.

(3) Ba cheart an deis a thabhairt d'eagraíochtaí atá rannpháirteach i ndearadh agus i dtáirgeadh catagóirí áirithe táirgí a úsáidtear san eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire, mar mhalairt ar dheimhniúchán deartha, a dhearbhú go gcomhlíonann an dearadh aerárthaigh, agus más infheidhme an t-inneall agus an lián, caighdeáin ábhartha an tionscail, i gcás ina meastar go n-áiritheofar leis sin leibhéal inghlactha sábháilteachta.

(4) Ba cheart freisin an deis a thabhairt d'eagraíochtaí atá rannpháirteach i ndearadh agus i dtáirgeadh táirgí a úsáidtear san eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire próiseas níos comhréirí a úsáid chun táirgí den sórt sin a dheimhniú.

---

1 IO L 212, 22.08.2018, lch. 1.

2 Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, codanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224 21.8.2012, lch. 1).

(5) Ba cheart an deis a thabhairt d'eagraíochtaí atá rannpháirteach i ndearadh agus i dtáirgeadh táirgí a úsáidtear san eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire, mar mhalairt ar fhormheas eagraíochtúil, a gcumas táirgí agus páirteanna a dhearadh agus a tháirgeadh a dhearbhú. Ba cheart do na heagraíochtaí sin a bheith in ann úsáid a bhaint as formheasanna atá ann cheana mar mhodh chun a gcumas a léiriú maidir le gníomhaíochtaí deartha agus táirgthe a dhéanamh.

(6) Ba cheart ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a leagan síos freisin le haghaidh na dtáirgí a bhfuil a ndearadh faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh. Ba cheart na ceanglais sin maidir le cosaint an chomhshaoil a bheith bunaithe ar na ceanglais atá in Imleabhair I, II agus III d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta[3] chun leibhéal comhionann de chosaint an chomhshaoil a áirithiú, is cuma an bhfuil táirge faoi réir deimhniúcháin cineáil nó dearbhaithe comhlíontachta maidir le dearadh.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú dá réir sin.

(8) Ba cheart idirthréimhse leordhóthanach a chur ar fáil d'eagraíochtaí atá rannpháirteach i ndearadh agus i dtáirgeadh aerárthaí a úsáidtear go príomha san eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na rialacha agus na nósanna imeachta nua a thugtar isteach leis an Rialachán seo.

(9) Tá na tuairimí dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 05/2021[4] a d'eisigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 748/2012 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Lúnasa 2012**

**lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil nó dearbhú comhlíontachta aerárthaí agus táirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearas gaolmhara, chomh maith le ceanglais cumais na n-eagraíochtaí deartha agus táirgthe**

**(athmhúnlú)**';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

**Raon feidhme agus sainmhínithe**

3 An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ('Coinbhinsiún Chicago').

4 Tuairim 05/2021 an 22 Deireadh Fómhair 2021 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, Cuid 21 Éadrom – Deimhniúchán agus dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh aerárthaí a úsáidtear san eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire agus táirgí agus páirteanna gaolmhara, agus dearbhú maidir le cumas deartha agus táirgthe eagraíochtaí, https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions/opinion-052021

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagail 19 agus 62 de Rialachán (AE) 2018/1139, ceanglais theicniúla choiteanna agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil le haghaidh táirgí, páirteanna agus fearais ina sonraítear an méid seo a leanas:

(a) deimhnithe cineáil, deimhnithe cineáil srianta, deimhnithe cineáil forlíontacha agus athruithe ar na deimhnithe sin a éisiúint;

(b) deimhnithe aeracmhainneachta, deimhnithe srianta aeracmhainneachta, ceadúnais eitilte agus deimhnithe údaraithe um scaoileadh a eisiúint;

(c) formheasanna dearthaí deisiúcháin a eisiúint;

(d) comhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil a thaispeáint;

(e) deimhnithe torainn agus deimhnithe srianta ar thorann a eisiúint;

(f) táirgí, páirteanna agus fearais a aithint;

(g) táirgí, páirteanna agus fearais a dheimhniú;

(h) eagraíochtaí deartha agus táirgthe a dheimhniú;

(i) treoracha maidir le haeracmhainneachta a eisiúint;

(j) dearbhuithe comhlíontachta a dhéanamh maidir le dearadh agus athruithe ar na dearbhuithe sin;

(k) dearbhuithe a dhéanamh maidir le cumas deartha agus táirgthe.

2. Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallaíonn ‘JAA’ na ‘Comhúdaráis Eitlíochta’;

(b) Ciallaíonn ‘JAA’ na ‘Comhcheanglais Eitlíochta’;

(c) Ciallaíonn ‘Cuid 21’ na ceanglais agus na nósanna imeachta chun aerárthaí agus táirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus eagraíochtaí deartha agus táirgthe a leagtar síos in Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann leis an Rialachán seo a dheimhniú;

(d) Ciallaíonn ‘Cuid 21- Éadrom’ - na ceanglais agus na nósanna imeachta i ndáil le deimhniú nó dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh i gcás aerárthaí atá beartaithe go príomha lena n-úsáid don spórt agus don áineas agus táirgí agus páirteanna gaolmhara, agus dearbhú maidir le cumas deartha agus táirgthe eagraíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a ghabhann leis an Rialachán seo;

(e) ciallaíonn ‘príomháit ghnó’ ceannoifig nó oifig chláraithe an ghnóthais ar laistigh dó a fheidhmítear príomhfheidhmeanna airgeadais agus príomhrialú oibríochtúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo;

(f) Ciallaíonn ‘earra’ aon pháirt nó aon fhearas atá le húsáid ar aerárthach sibhialta;

(g) Ciallaíonn ‘ETSO’ Ordú um Chaighdeán Teicniúil Eorpach. Is sonraíocht mhionsonraithe aeracmhainneachta é an tOrdú um Chaighdeán Teicniúil

Eorpach a d'eisigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (an 'Ghníomhaireacht') chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an Rialacháin seo mar íoschaighdeán feidhmíochta d'earraí sonraithe;

(h) Ciallaíonn 'EPA' Formheas Páirteanna na hEorpa. Ciallaíonn Formheas Páirteanna na hEorpa ar earra gur táirgeadh an t-earra i gcomhréir le sonraí deartha formheasta nach mbaineann le sealbhóir deimhnithe cineáil an táirge ghaolmhair, cé is moite d'earraí ETSO;

(i) Ciallaíonn 'aerárthach ELA1' na hAerárthaí Éadroma Eorpacha foireannaithe seo a leanas:

  (i) eitleán ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh (MTOM) de 1 200 kg nó níos lú nach bhfuil aicmithe mar aerárthach atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha;

  (ii) seoleitleán nó seoleitleán cumhachtaithe ag a bhfuil MTOM de 1 200 kg nó níos lú;

  (iii) balún ag a bhfuil uastoirt gáis ardaithe nó aeir the nach mó ná 3 400 m3 i gcás balúin the, 1 050 m3 i gcás balúin gháis, 300 m3 i gcás balúin gháis theaghránaithe;

  (iv) aerlong atá deartha do cheithre thaistealaí ar a mhéad agus uastoirt gáis ardaithe nó aeir the nach mó ná 3 400 m3 d'aerlonga te agus nach mó ná 1 000 m3 d'aerlonga gáis;

(j) Ciallaíonn 'aerárthach ELA2' na hAerárthaí Éadroma Eorpacha foireannaithe seo a leanas:

  (i) eitleán ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh (MTOM) de 2 000 kg nó níos lú nach bhfuil aicmithe mar aerárthach atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha;

  (ii) seoleitleán nó seoleitleán cumhachtaithe ag a bhfuil MTOM de 2 000 kg nó níos lú;

  (iii) balún;

  (iv) aerlong te;

  (v) aerlong gáis a chomhlíonann na tréithe uile seo a leanas:

    – 3 % uas-troime statach,

    – sá neamh-veicteoireach (seachas sá cúlaithe),

    – dearadh traidisiúnta agus simplí struchtúr, córas rialaithe agus córas ballonnet,

    – rialuithe nach bhfaigheann cumhacht;

  (vi) rótarárthach ag a bhfuil MTOM nach mó ná 600 kg agus ag a bhfuil dearadh simplí, atá deartha do bheirt thaistealaí ar a mhéad, nach bhfuil cumhachtaithe ag innill tuirbín agus/nó innill roicéad; atá teoranta d'oibríochtaí laethúla VFR;

(k) Ciallaíonn 'sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil (OSD)' sonraí ar cuid de dheimhniú cineáil aerárthaigh, de dheimhniú cineáil srianta nó de

dheimhniú cineáil forlíontach iad, arb é atá iontu gach ceann díobh seo a leanas:

(i) an t-íos-siollabas oiliúna chun rátáil cineáil a dhéanamh ar phíolótaí, lena n-áirítear rátáil cineáil a chinneadh;

(ii) sainmhíniú ar raon feidhme na sonraí foinse maidir le bailíochtú aerárthaí chun tacú le cáilíocht oibiachtúil na n-ionsamhlóirí nó na sonraí sealadacha chun tacú lena gcáilíocht eatramhach;

(iii) an t-íos-siollabas oiliúna chun rátáil cineáil a dhéanamh ar an bpearsanra deimhnithe um chothabháil;

(iv) cineál nó athraitheach na foirne cábáin a chinneadh agus sonraí de chineál-sonrach maidir leis an bhfoireann cábáin;

(v) an máistirliosta de threalamh íosta.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

**Táirgí, páirteanna agus fearais a dheimhniú**

1. Eiseofar deimhnithe mar a shonraítear in Iarscríbhinn I (Cuid 21) ar tháirgí, ar pháirteanna agus ar fhearais.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfar de rogha air sin deimhnithe a eisiúint mar a shonraítear in Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) i gcás na dtáirgí seo a leanas:

(a) eitleán ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh (MTOM) de 2 000 kg nó níos lú agus uaschumraíocht oibríochtúil suí de cheithre shuíochán;

(b) seoleitleán nó seoleitleán cumhachtaithe ag a bhfuil MTOM de 2 000 kg nó níos lú;

(c) balún;

(d) aerlong te;

(e) aerlong gáis paisinéirí atá deartha do cheathrar ar a mhéad;

(f) rótarárthach ag a bhfuil MTOM de 1 200 kg nó níos lú agus uaschumraíocht oibríochtúil suí de cheithre shuíochán;

(g) inneall loiní nó lián rothlaithe seasta atá beartaithe a shuiteáil in aerárthach dá dtagraítear i bpointí (a) go (f); nó

(h) gíreitleán.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfar de rogha air sin dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh a eisiúint mar a shonraítear in Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) i gcás na dtáirgí seo a leanas:

(a) eitleán ag a bhfuil MTOM de 1 200 kg nó níos lú, nach eitleán scairdchumhachta é, agus uaschumraíocht oibríochtúil suí de dhá shuíochán;

(b) seoleitleán nó seoleitleán cumhachtaithe ag a bhfuil MTOM de 1 200 kg nó níos lú;

(c) balún atá deartha do cheathrar ar a mhéad;

(d) aerlong gáis the atá deartha do cheathrar ar a mhéad.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 3 den Airteagal seo, maidir le haerárthaí, lena n-áirítear aon táirge, aon pháirt nó aon fhearas suiteáilte nach bhfuil cláraithe i mBallstát, beidh siad sin díolmhaithe ó fhorálacha Fhochodanna H agus I de Roinn A d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) agus ó Fhochodanna H agus I de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom). Beidh siad díolmhaithe freisin ó fhorálacha Fhochuid P de Roinn A d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) agus Fochuid P de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom), ach amháin i gcás ina bhforordaíonn Ballstát marcanna aitheantais aerárthaí.';

(4) cuirtear isteach an t-Airteagal 2a seo a leanas:

'*Airteagal 2a*

**Socruithe idirthréimhseacha le haghaidh deimhnithe a eisíodh roimhe sin faoi Iarscríbhinn I (Cuid 21)**

1. Féadfaidh sealbhóir ar dheimhniú cineáil bailí nó ar dheimhniú cineáil forlíontach arna eisiúint, nó a mheastar a bheith eisithe, ag an nGníomhaireacht faoi Iarscríbhinn I (Cuid 21), go dtí [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: **3bliana**tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*] iarraidh ar an nGníomhaireacht an dearadh cineáil arna fhormheas faoin deimhniú sin i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) a choinneáil ó dháta áirithe ar choinníoll go bhfuil an táirge a chumhdaítear leis an deimhniú sin laistigh de raon feidhme Airteagal 2(2).

2. I gcás ina ndéanfar iarraidh de bhun mhír 1, déanfar an deimhniú cineáil sin nó an deimhniú cineáil forlíontach sin, amhail ón dáta dá dtagraítear i mír 1, a rialú le forálacha Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) maidir leis na deimhnithe cineáil nó na deimhnithe cineáil forlíontacha, de réir mar is infheidhme. Leasóidh an Ghníomhaireacht bileog sonraí an deimhnithe cineáil nó bileog sonraí fhorlíontach an deimhnithe cineáil dá réir sin.';

(5) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Maidir le táirgí a raibh próiseas cineál-dheimhnithe ina leith ag dul trí JAA nó trí Bhallstát an 28 Meán Fómhair 2003, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) má tá táirge á dheimhniú ag roinnt Ballstát, úsáidfear an tionscadal ag a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta aige mar thagairt;

(b) ní bheidh feidhm ag pointí 21.A.15(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);

(c) de mhaolú ar phointe 21.B.80 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), is é an bonn deimhnithe cineáil an bonn arna bhunú ag JAA nó, i gcás inarb infheidhme, ag an mBallstát ar dháta an iarratais ar an bhformheas;

(d) torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó faoi nósanna imeachta Ballstáit, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun críocha pointí 21.A.20(a) agus (d) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a chomhlíonadh.

4. Maidir le táirgí ag a bhfuil deimhniú náisiúnta cineáil, nó a choibhéis, agus nach ndearnadh an próiseas formheasa maidir le hathrú arna dhéanamh ag

Ballstát a thabhairt chun críche ina leith tráth ba ghá an deimhniú cineáil a fhormheas i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) má tá próiseas formheasta á dhéanamh ag roinnt Ballstát, úsáidfear an próiseas ag a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta aige mar thagairt;

(b) ní bheidh feidhm ag pointe 21.A.93 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);

(c) is é an bonn deimhnithe cineáil atá leagtha síos ag JAA nó, i gcás inarb infheidhme, ag an mBallstát ar dháta an iarratais ar an athrú a fhormheas an bonn deimhnithe cineáil is infheidhme;

(d) torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó Ballstát, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun críocha pointe 21.B.107 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a chomhlíonadh.';

(6) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as dearadh táirgí a bhfuil a bpríomháit ghnó i mBallstát agus a dhéanann iarratas ar dheimhniú ar tháirgí a dhearadh, a athrú nó a dheisiú, nó a bhfuil deimhniú den sórt sin ina sheilbh aige, i gcomhréir le hAirteagal 2(2), féadfaidh sé a chumas a léiriú i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom).

3. Ní gá go léiríonn daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá rannpháirteach i ndearadh aerárthaí atá faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh dá dtagraítear in Airteagal 2(3) go bhfuil sé de chumas acu a gcumas a léiriú.';

(7) in Airteagal 8, cuirtear isteach an mhír 5 seo a leanas:

'5. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh eagraíocht a bhfuil a príomháit ghnó i Stát nach Ballstát é a cumas a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag an Stát sin a bheith aici don táirge, don pháirt agus don fhearas a bhfuil feidhm aige maidir leis i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21), ar choinníoll:

(a) gurb é an Stát sin an Stát inar dearadh é;

(b) gur chinn an Ghníomhaireacht go n-áirítear i gcóras an Stáit sin an leibhéal neamhspleách céanna chun seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh dá bhforáiltear sa Rialachán seo, trí chóras coibhéiseach formheasanna eagraíochtaí nó trí rannpháirtíocht dhíreach údarás inniúil an Stáit sin.';

(8) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a phríomháit ghnó i mBallstát agus atá freagrach as monarú táirgí agus a bpáirteanna agus a bhfearas i gcomhréir le hAirteagal 2(2), féadfaidh sé, de rogha air sin, a chumas a léiriú i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom).

3. Ní cheanglófar léiriú ar chumas de bhun mhíreanna 1 nó 2 i gcás ina mbeidh baint ag an eagraíocht táirgthe nó ag an duine nádúrtha nó dlítheanach leis na gníomhaíochtaí monaraíochta seo a leanas:

(a) monarú páirteanna nó fearas atá incháilithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh a bheith ag gabháil leis (is é sin Foirm EASA 1);

(b) monarú páirteanna atá incháilithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom), lena suiteáil in aerárthach a bhí faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh a bheith ag gabháil leis (is é sin Foirm EASA 1);

(c) monarú aerárthaigh a bhí faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh dá dtagraítear in Airteagal 2(3), agus monarú páirteanna atá incháilithe lena suiteáil san aerárthach sin. Sa chás sin, déanfar na gníomhaíochtaí monaraíochta i gcomhréir le Fochuid R de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom).';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'*Airteagal 10*

**Bearta na Gníomhaireachta**

1. Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíonta ('AMC') a fhéadfaidh údaráis inniúla, eagraíochtaí agus pearsanra a úsáid chun comhlíonadh fhorálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21) agus Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a léiriú.

2. Ní dhéanfaidh AMC arna eisiúint ag an nGníomhaireacht ceanglais nua a thabhairt isteach ná ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid 21) agus Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a mhaolú.';

(10) Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid 21) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(11) Cuirtear Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta:* ***1 bhliain*** *tar éis an dáta teacht i bhfeidhm*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*